Príomhscéalta na Nuachta

Ceist 1 Féach ar an mhír uair amháin gan aon rud a scríobh. Tar éis duit í a fheiceáil uair amháin breac síos na ceannlínte faoi na teidil seo:

1. An Taoiseach i bPáras

2. Údarás na Gaeltachta

3. An fia rua i mbaol

Cad a bhí ag an duine in aice leat?
Anois féach ar an tuairisc cúpla uair - an raibh an ceart agaibh?

Ceist 2 **(a)** Féach ar na focail / frásaí seo a bhí sna míreanna faoi na ceannlínte thuas. Cuir na focail a théann le gach mír faoi na teidil chearta:

Ainmniúchán
Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
An pór is dúchasaí (most native breed)
An Ré Neoiliteach
Beartais éigeandála
Carria (Stag)
Claonroinnt (Gerrymandering)
Comhairleoir Neamhspleách
Comhráiteas
Daonlathas
Dlíodóirí
Fiacha baincéireachta na tíre
Limistéar an Euro
Póitseáil
Roinn na Gaeltachta
Sa tóir ar adharca agus fheoil an ainmhí
Sealbhóirí bannaí
Slad
Thacaigh
Uachtaránacht na Comhairle Eorpaí
Urlabhraí airgeadais

An Taoiseach i bPáras

Údarás na Gaeltachta

An fia rua i mbaol

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 3 (a) Bí ag obair leis an duine in aice leat agus scríobhaigí cúpla líne faoin chéad scéal – An Taoiseach i bPáras.

(b) Anois, ag obair le chéile go fóill, scríobhaigí tuairisc ar an tríú scéal – An fia rua i mbaol. Bainigí úsáid as na focail thuas, agus is cleachtadh cumadóireachta é seo – bainigí úsáid as bhur samhlaíocht!

Ceist 4. '*…Eimear **Ní** Chonaola….'*

Féach ar an dá lánúin phósta agus freagair na ceisteanna:

Síle Ní Chonchúir
& Pól Ó Muirí

Aoife Nic Craith
& Seamus Mac Giolla Bhríde

(a) Cén sloinne atá ar Shíle agus ar Aoife anois agus iad pósta?

(b) Cén sloinne a bheadh ar mhic na lánúineacha?

(c) Cén sloinne a bheadh ar iníonacha na lánúineacha?

(d) Cén sloinne atá ort féin? An mbaineann tú úsáid as do shloinne i nGaeilge nó i mBéarla. Cén fáth?

Ceist 5 '… ***bhur g****céad fáilte*...'

(a) Cén fáth a bhfuil urú ar 'céad' thuas?

(b) Cuir Gaeilge ar na habairtí seo a leanas:

- I lost my bag.
- We have our dinner at around 6pm, usually.
- Is that your brother?
- Did you see their new car?
- Don't forget your coats on the way out.
- I think I saw her dog alone on the street.
- That's definitely his son.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

- An bhfuil sé tábhachtach dar leat, go bhfuil Gaeilge ag ár dTaoiseach?
- An gceapann tú go bhfuil Gaeilge mhaith ag an Taoiseach?
- Ar cheart go mbeadh cosc iomlán ar spóirt fola?

Freagraí

Ceist 1

Féach ar an script.

Ceist 2

1. **An Taoiseach i bPáras**
   Limistéar an Euro (Area of the euro)
   Fiacha baincéireachta na tíre (country's bank debts)
   Uachtaránacht na Comhairle Eorpaí (Presidency of the European Council)
   Comhráiteas (joint communiqué)
   Sealbhóirí bannaí (bondholders)
   Urlabhraí airgeadais (finance spokesperson)
2. **Údarás na Gaeltachta**
   Thacaigh (supported)
   Ainmniúchán (nomination)
   Dlíodóirí (lawyers)
   Roinn na Gaeltachta (Dept. of the Gaeltacht)
   Comhairleoir Neamhspleách (independent councillor)
   Claonroinnt (gerrymandering)
   Daonlathas (democracy)
3. **An fia rua i mbaol**
   Beartais éigeandála (emergency policies)
   Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (Minister for Arts, Heritage and Gaeltacht)
   Póitseáil (poaching)
   Slad (destruction / killing)
   Sa tóir ar adharca agus fheoil an ainmhí (after animal horns and meat)
   An pór is dúchasaí (most native breed)
   An Ré Neoiliteach (the Neolithic period)
   Carria (stag)

Ceist 3

(a) Bhí an Taoiseach i bPáras agus bhí cruinniú aige le François Hollande faoi chúrsaí a bhaineann leis an Eoraip sula nglacfaidh Éire le hUachtaránacht na Comhairle Eorpaí i mí Eanáir. Dúirt sé tar éis an chruinnithe go bhfuil François Hollande agus Angela Merkel den tuairim gur cás speisialta é cás na hÉireann agus go gcuirfí sin san áireamh nuair a bheas airí airgeadais ag plé bhainc na hEorpa.

(b) Tá an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ag iarraidh beartais éigeandála a chur i bhfeidhm i gcoinne phóitseáil na bhfianna rua i gCiarraí. Is é an pór is dúchasaí in Éirinn é agus tá na fianna i gCiarraí ón ré Neoiliteach ar aghaidh. Tá slad á dhéanamh ar na carrianna mar tá sealgairí sa tóir ar adharca agus fheoil an ainmhí.

Ceist 4

(a) Síle (Bean) Uí Mhuirí / Aoife (Bean) Mhic Giolla Bhríde
(b) Séan Ó Muirí agus Cian Mac Giolla Bhríde
(c) Máire Ní Mhuirí agus Siobhán Nic Giolla Bhríde.
(d) Déan plé leis an rang iomlán.

Ceist 5

(a) Is í an aidiacht shealbhach atá i gceist agus cuirtear urú ar an dara, pearsa uimhir iolra.
(b) Féach:

I lost my bag – *Chaill mé mo mhála.*

We have our dinner at around 6pm usually – *Bíonn ár ndinnéar againn timpeall a sé a chlog de ghnáth.*
Is that your brother – *An é sin do dheartháir?*
Did you see their new car – *An bhfaca tú a ngluaisteán nua?*
Don't forget your coats on the way out – *Ná déanaigí dearmad ar bhur gcótaí ar bhur mbealach amach.*
I think I saw her dog alone on the street – *Sílim go bhfaca mé a madra leis féin sa tsráid.*
That's definitely his son – *Sin é a mhac go cinnte*.

Ceist 6
Abair leis na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonaola
Bail ó Dhia oraibh agus bhur gcéad fáilte chuig Nuacht TG4 agus go Nuacht is Spórt an lae. Na príomhscéalta Dé Luain:

1. **An Taoiseach i bPáras**
   Uachtarán na Fraince ag tacú leis an Taoiseach agus deir gur cás ar leith atá i bhfiacha bhancannaí[i] na hÉireann.

2. **Údarás na Gaeltachta**
   Comhalta de chuid Fhianna Fáil ceaptha ag Comhairle Contae Dhún na nGall ar bhord nua Údarás na Gaeltachta.

3. **An Fia Rua i mbaol**
   Agus beartais éigeandála fógartha le dul i ngleic le seilg mhídhleathach ar an bhfia rua i gCiarraí.

Cás faoi leith atá sa tír seo agus i bhfiacha bhancannaí na hÉireann a dúirt Uachtarán na Fraince, François Hollande leis an Taoiseach i bPáras tráthnóna. Dúirt sé go n-aithníonn an Ghearmáin é seo agus go nglacfar sin san áireamh nuair a bheas airí airgeadais limistéar an Euro i mbun cainteanna ar ról an ESM[ii] le cabhair a thabhairt do na bancannaí. Ba é seo an chéad chruinniú ag Enda Kenny agus ag François Hollande ó toghadh ina uachtarán é.

[i] *bainc* atá sa chaighdeán
[ii] European Stability Mechanism / Sásra Cobhsaíochta Eorpach